






Oifig an Chigire Príosún (OIP)

Faisnéis do Phríosúnaigh

Déantar cur síos sa leabhrán seo duit ar Oifig an Chigire Príosún.

Déantar cur síos ar:

-  ár luachanna agus ár bhfís
-  an obair a dhéanaimid
-  conas teagmháil a dhéanamh linn



Céard í Oifig an Chigire Príosún?

Is comhlacht neamhspleách maoirseachta príosúin muid. Ciallaíonn sé seo go dtugaimid cuairt ar phríosúin chun a chinntiú go leanann siad dlí na hÉireann agus caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine. Roinnimid torthaí ár n-iniúchtaí agus ár n-imscrúduithe príosúin leis an bpríosún, leis an Aire Dlí agus Cirt, le seirbhís príosúin na hÉireann agus leis an bpobal.

Oibrímid ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Breithnímid go leor saincheistanna faoi phríosúnaigh agus faoi phríosúin, ach ní dhéanaimid breithniú ar ghearáin thromchúiseacha aonair cosúil leis na cinn a ndéantar cur síos orthu ar leathanach 9. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn má tá saincheist agat ar mhaith leat muid a chur ar an eolas fúithi (leathanach 8). Féadfaimid na cúinsí a bhaineann léi a imscrúdú le linn ár n-iniúchtaí.

Áirítear i measc na foirne saineolaithe ar chearta an duine, ar chúram sláinte, ar imscrúduithe agus ar thaighde príosúin, beartas agus athchóiriú.

Faoi láthair, tá Oifig an Chigire Príosún faoi stiúir príomhchigire a oibríonn in éineacht le cigirí sinsearacha, cigirí, anailísí sonraí agus foireann riaracháin.



Luachanna agus fíis OIP

Déanaimid iniúchadh agus imscrúdú ar phríosúin agus roinnimid faisnéis faoi chóireáil agus coinníollacha i bpríosúin na hÉireann leis an bpobal i gcoitinne. Scríobhaimid tuarascálacha agus déanaimid moltaí bunaithe ar ár n-iniúchtaí agus ár n-imscrúduithe. Scrúdaímid príosúin in Éirinn le fáil amach an bhfuil siad ag teacht le caighdeáin chearta an duine atá leagtha amach i ndlí na hÉireann agus an dlí idirnáisiúnta.

Is iad na príomhspríocanna atá againn:

- comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn,
- feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar príosúin a bhainistiú agus a oibriú,
- faisnéis a sholáthar faoinár ról, agus
- faisnéis faoin gcóireáil agus na coinníollacha i bpríosúin a roinnt leis an Aire Dlí agus Cirt, a chuireann ar fáil don phobal é.



Céard a dhéanaimid?

- dú ar phríosúin na hÉireann
- Básanna príosúnach a imscrúdú
- Freagra a thabhairt ar litreacha rúnda a fhaighimid ó phríosúnaigh (Riail 44 Litreacha mínithe ar leathanach 8)
- Maoirseacht a dhéanamh ar ghearáin thar a bheith tromchúiseach (gearáin i gCatagóir A - Riail 57B) a mhínítear ar leathanach 9

Tá breis eolais faoi na réimsí seo sna hailt a leanas. Úsáidimid uimhreacha ‘Rial’ chun tagairt a dhéanamh do na rialacha i Rialacha Príosún na hÉireann.

1. Scrúdú ar phríosúin

Is é an príomhobair atá againn iniúchadh a dhéanamh ar an 12 phríosún in Éirinn chun a chinntiú go dtaispeántar meas duit agus go gcosnaítear do chearta daonna.

Nuair a thagann muid chuig na príosúin seiceálaimid a lán rudaí, mar shampla:

Go bhfuil tú sábháilte, go bhfuil meas ort agus go bhfuil do riachtanais sláinte á gcomhlíonadh

- Go bhfuil tú sábháilte sa phríosún
- Go dtaispeántar meas duit
- Go gcomhlíontar do riachtanais chúram sláinte

Go bhfuil do chillín agus an príosún glan

- Go gcoinnítear an príosún glan i gcónaí
- Go dtugtar glóthach chithfholctha agus seampú duit
- Go bhfuil táirgí glantacháin cearta agat chun do chillín a ghlanadh
- Go bhfuil tú te i do chillín agus go bhfuil an bia ceart go leor

Gur féidir leat gearán a dhéanamh

- Is féidir leat gearán a dhéanamh más mian leat agus is furasta duit é seo a dhéanamh (Ciallaíonn sé seo gur féidir leat foirm ghearáin a fháil go héasca le líonadh, agus go n-insítear duit cad a tharla le do ghearán.)

Is féidir leat páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus bualadh le daoine eile

- Is féidir leat dul go dtí an clós nó an láthair áineasa agus is féidir leat meascadh le príosúnaigh eile
- Is féidir leat freastal ar scoil agus ar cheardlanna más mian leat

An chuma atá ar iniúchadh

Cinneann foireann iniúchta OIP cé chomh fada nó chomh gearr a bheidh na hiniúchtaí. Is féidir le hiniúchtaí gearra dul ar aghaidh ar feadh tréimhse ama idir lá amháin agus trí lá. Is féidir le hiniúchtaí ginearálta leanúint ar aghaidh ar feadh suas le coicís. Nuair a bhíonn an fhoireann iniúchta sa phríosún, tá fáilte romhat labhairt leo ag na léibhinn nó iarraidh ar bhall den fhoireann labhairt leat go príobháideach.

Chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil an príosún ag feidhmiú, úsáidfidh an fhoireann iniúchta na modhanna seo a leanas:

- agallaimh/díospóireachtaí le príosúnaigh agus leis an bhfoireann,
- suirbhéanna le príosúnaigh agus leis an bhfoireann,
- breathnóireacht, agus
- doiciméid a scrúdú.

Beidh an fhoireann ag iarraidh eolas a fháil freisin faoi eispéireas na ndaoine sa phríosún, iad siúd atá ag obair sa phríosún agus cuairteoirí.

Míneofar thíos gach ceann de na modhanna seo.

Na modhanna iniúchta

Agallaimh agus díospóireachtaí



Le linn an iniúchta, déanfaidh an fhoireann iniúchta iarracht labhairt leis an oiread príosúnach, baill foirne agus cuairteoirí agus is féidir. Tá gach agallamh agus plé a bhíonn ar siúl idir an fhoireann iniúchta agus foireann an phríosúin agus na príosúnaigh faoi rún. Mar sin féin, má insíonn tú do chigire faoi phlean chun dochar a dhéanamh duit féin nó do dhaoine eile, beidh ar an gcigire an Ghobharnóir agus/nó An Garda Síochána (póilíní na hÉireann) a chur ar an eolas faoi seo.



Suirbhéanna

Le linn iniúchta, is féidir linn iarraidh ortsa agus ar an bhfoireann suirbhé a chomhlánú. Cuidíonn na suirbhéanna seo muid a chur ar an eolas faoi do thuairimí faoin bpríosún. Comhlánaíonn tú an suirbhé ar tháibléad ríomhaire, agus tá do chuid freagraí go hiomlán anaithnid. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh aon duine in ann freagraí do shuirbhé a cheangal leat.

Ní gá duit an suirbhé a dhéanamh mura dteastaíonn uait.



Breathnóireacht

Le linn iniúchta, rachaimid chuig gach áit sa phríosún chun a fháil amach cé chomh maith agus atá príosúin ag leanúint dlí na hÉireann agus caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine. Breathnóimid ar áiseanna an phríosúin, mar sin feicfidh tú na cigirí ag na léibhinn.

Breathnóimid ar rudaí ar nós an bealach a reáchtáiltear an scoil, conas a oibríonn an córas cúram sláinte agus conas a oibríonn an príosún.



Doiciméid a scrúdú

Baileoidh agus déanfaidh an fhoireann iniúchta athbhreithniú ar cháipéisí roimh, le linn agus tar éis an iniúchadh. Déanaimid athbhreithniú ar dhoiciméid mar na leabhair thaifid agus ábhair oideachais. Ar an mbealach seo feicimid an bealach a bhfuil an príosún ag feidhmiú.

Tuairisc agus monatóireacht

Tar éis dúinn príosún a iniúchadh, scríobhaimid tuarascáil. D'fhéadfadh moltaí a bheith sa tuarascáil maidir le conas cóireáil agus coinníollacha sa phríosún a fheabhsú. Níl na moltaí a dhéanaimid ina gceangal de réir dlí. Seoltar ár ndrúacht-tuarascálacha chuig Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Tugann sé seo deis dó freagairt agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun moltaí a chur i gcrích más gá. Déanaimid seiceáil chun féachaint an gcuirtear na pleananna gníomhaíochta i gcrích.

Seolann Oifig an Chigire Príosún tuairiscí chuig an Aire Dlí agus Cirt. Foilsíonn an tAire na tuarascálacha seo agus roinntear iad ar ár suíomh idirlín sa gcaoi go mbeidh an pobal in ann iad a léamh. Déanfaimid na torthaí a roinnt leis an bpríosún freisin.

2. Básanna príosúnach a fhiosrú

Is cuid thábhachtach dár gcuid oibre scrúdú a dhéanamh ar na cúinsí a bhaineann le bás príosúnaigh. Ní chinneann muid cúis an bháis toisc go ndéanann an cróinéir (saineolaí míochaine neamhspleách) é seo.

Déanaimid fiosrú faoi gach bás a tharlaíonn sa phríosún nó fad a bhíonn príosúnach ar scaoileadh sealadach má tharla bás laistigh de mhí tar éis a scaoilte. Úsáidimid torthaí ár n-imscrúdaithe chun bealaí a aibhsiú chun tú a choinneáil slán.

Déanaimid cinnte freisin go mbuailfimid le teaghlach an duine nach maireann chun aon imní a d'fhéadfadh a bheith orthu a chloisteáil. Cuirimid na hábhair imní seo san áireamh mar chuid den imscrúdú.

3. Freagra a thabhairt ar litreacha rúnda a fhaighimid ó phríosúnaigh (Riail 44

Tá sé de cheart agat scríobh chugainn (An Cigire Príosún) i leith aon ábhar is mian leat a ardú, faoi rún daingean. Ciallaíonn sé seo, de réir dlí, maidir le Seirbhís Phríosúin na hÉireann:

- Nár chóir aon litreacha a sheolann tú chugainn a léamh, agus
- caithfear do litir gan oscailt a sheoladh chugainn gan mhoill.

Tá na sonraí teagmhála ag deireadh an leabhráin seo.



Scríobhfaimid ar ais chugat i gclúdach litreach séalaithe.

Scríobhfaimid Riail 44 ar an gclúdach litreach, agus iarrfaimid ar an nGobharnóir a chinntiú go dtugtar an litir duit gan oscailt. De réir an dlí, tá cead ag an nGobharnóir litir Riail 44 a oscailt. Ach, caithfidh tú a bheith i láthair nuair a dhéantar é seo. Níor chóir litir a oscailt ach amháin chun a sheiceáil gur tháinig sí ó Oifig an Chigire Príosún. (Tá litir Riail 44 ar cheann de na rialacha i Rialacha Phríosúin na hÉireann.)

4. Maoirseacht a dhéanamh ar ghearáin thar a bheith tromchúiseach (gearáin i gCatagóir A - Riail 57B)

Scrúdaíonn Oifig an Chigire Príosúin an próiseas maidir leis an gcaoi a ndéanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann na gearáin is tromchúisí a bhainistiú. Tugtar gearáin ó Chatagóir A ar na gearáin thromchúiseacha seo, agus tá liosta díobh thíos.

De réir an dlí, más mian leat gearán a dhéanamh faoi aon cheann de na gearáin thromchúiseacha seo, ní mór duit gearán a dhéanamh go díreach le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag baint úsáid as foirm ghearáin nó ball d'fhoireann an phríosúin a chur ar an eolas faoi do ghearán. Iarrfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar imscrúdaitheoir neamhspleách do ghearán a scrúdú.

Ní dhéanaimid imscrúdú ar ghearáin aonair ó phríosúnaigh, ach caithfidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann faisnéis a thabhairt dúinn faoi ghearáin a bhaineann le Catagóir A. Is féidir linn an fhaisnéis a fhaighimid ó ghearáin a úsáid chun cabhrú le hiniúchtaí a phleanáil.

Is féidir leat gearán fíorthromchúiseach a dhéanamh faoi iompar líomhnaithe i do choinne nó i gcoinne príosúnach eile. I measc na gcúiseanna le gearán faoi Chatagóir A a dhéanamh tá:

- ionsaí nó úsáid fórsa iomarcach i gcoinne príosúnaigh, nó
- drochíde,
- mí-úsáid chiníoch,
- Idirdhealú,
- Imeaglú,
- bagairtí, nó
- iompar atá chomh tromchúiseach go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do cháil (míchlú) Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Conas teagmháil a dhéanamh linn (OIP)

Seoladh Poist:



Oifig an Chigire Príosún

24 Siúlóid Cecil, Sráid Kenyon

An tAonach

Co. Thiobraid Árann

E45 NN73

Chun níos mó eolais a fháil, is féidir leat cuairt a thabhairt ar ár suíomh idirlín: **www.oip.ie**



OIFIG AN CHIGIRE PRÍOSÚN
OFFICE OF THE INSPECTOR OF PRISONS